17 Samhain 2020

Cinneadh eisithe ar iarratas ar Fhorbairt Tithíochta Straitéisí maidir le 124 uimh. árasán agus gach oibreacha láithreán gaolmhar a thógáil ag Tailte ag Óstán Bonnington, Bóthar Shoird, Fionnbhrú, Baile Átha Cliath 9.

Uimhir thagartha an cháis: ABP-306721-20

Tá cead tugtha ag an mBord Pleanála le haghaidh na forbartha beartaithe.

Cuireadh an t-iarratas faoi bhráid an Bhoird Pleanála ar an 24 Feabhra, 2020 agus cinneadh é ar an 21 Meán Fómhair, 2020.

San áireamh sa phróiseas iarratais bhí tréimhse chomhairliúcháin phoiblí a lean comhairliúchán réamhiarratais a rinneadh i gcomhar leis an mBord Pleanála agus leis an údarás áitiúil lena mbaineann.

Tá na príomhdhoiciméid a bhaineann le cinneadh an Bhoird (Tuairisc an Chigire, Ordú an Bhoird, Treoir an Bhoird) ar fáil mar seo a leanas:

- Cásleathanach le haghaidh: http://www.pleanala.ie/casenum/306721_ga.htm

Gheofar treoir mhionsonraithe maidir le Forbairtí Tithíochta Straitéisí d'iarratasóirí, d'údaráis áitiúla agus don phobal i gcoitinne ag www.pleanala.ie. Gheofar faisnéis bhreise ó bord@pleanala.ie.

Féadfaidh duine ar bith ceist a chur faoina bhailí atá cinneadh de chuid an Bhoird i bhfoirm athbhreithniú breithiúnach, faoi Ordú 84 de Rialacha na Cúirte Uachtaraí (I.R. Uimh. 15 de 1986), de réir alt 50 den Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000 (leasaithe). Gheofar eolas praiticiúil ar an modh athbhreithnithe ag www.pleanala.ie/about/legal/index_ga.htm agus ar shuíomh gréasáin na Seirbhíse Eolais do Shaoránaigh www.citizensinformation.ie/ga/.